



An Rialálaí  
Carthanas

Charities  
Regulator

# Tuarascáil maidir le Comhlíonadh 2022

Tuarascáil

# Contents

<b>Brollach</b>	<b>3</b>
<b>1. Achoimre Fheidhmeach</b>	<b>5</b>
<b>2. Téarmaí Tagartha na Tuarascála maidir le Comhlíonadh</b>	<b>6</b>
<b>3. An Cód Rialachais do Charthanais</b>	<b>7</b>
<b>4. Treirdhoiciméid an Chóid Rialachais do Charthanais</b>	<b>9</b>
<b>5. Treoir Eile a Eisíodh</b>	<b>9</b>
<b>6. Gníomhartha Reachtúla</b>	<b>10</b>
<b>7. Fógraí faoi alt 59 den Acht Carthanas 2009</b>	<b>11</b>
<b>8. Anailís ar Ábhair Imní sa bhliain 2022</b>	<b>12</b>
8.1 Tús eolais ar an Anailís ar Ábhair Imní	12
8.2 Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas	13
8.3 Catagóirí na Saincheisteanna a Tarraingíodh Anuas	15
8.4 Stádas na hEagraíochta	16
8.5 Caidreamh idir an Duine a Tharraing an tÁbhar Imní Anuas agus an Eagraíocht	17
8.6 Ábhair imní a dúnadh	18
8.7 Cruinnithe le heagraíochtaí	20
8.8 Ceisteanna ginearálta	20
<b>9. Conclúid</b>	<b>21</b>
9.1 Cad a léiríonn ár ngníomhaíochtaí?	21
9.2 Comhairle do Charthanais agus Comhlíonadh an Achta Carthanas 2009	21
9.3 Comhairle do Mhaoinitheoirí, Síntiúsóirí agus Oibrithe Deonacha Féideartha	22
<b>10. Tagairtí</b>	<b>23</b>

# Brollach

Tugtar sa Tuarascáil seo forbheathnú leathan ar an ngníomhaíocht comhlíonta agus forfheidhmiúcháin a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022 agus, mar aon le bonn eolais a chur faoinár n-obair leantach sa réimse sin, tá sí ceaptha chun léargas agus pointí foghlama a thabhairt do charthanais chláráithe agus do gheallsealbhóirí eile.

Is é an misean atá ag an Rialálaí Carthanas an earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas. Is é atá i gceist leis sin tacaíocht a thabhairt agus forfheidhmiú a dhéanamh agus, ar an tslí sin, cabhrú le carthanais na hoibleagáidí rialála atá orthu a chomhlíonadh ar thaobh amháin agus, nuair is gá, gníomhaíocht a dhéanamh chun an dlí carthanas a fhorfheidhmiú ar an taobh eile.

Sa bhliain 2022, tar éis dúinn caidreamh a dhéanamh le carthanais chláráithe, agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don earnáil, d'óstálaromar roinnt imeachtaí do charthanais, agus ghlacamar páirt in imeachtaí eile, maidir le raon leathan topaicí agus d'fhoilsíomar treoir nua maidir le hábhair éagsúla, lena áiríodh bainistíocht géarchéime agus rialuithe cárta creidmheasa. Thug baill foirne an Aonaid um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú freagra ar 183 cheist ghinearálta ó charthanais agus ó dhaoine eile freisin trí threoir a sholáthar ar an gCód Rialachais do Charthanais agus ar nithe eile comhlíonta.

Bíonn obair an Rialálaí Carthanas bunaithe i gcónaí ar na luachanna atá againn, is iad sin: neamhspleáchas; comhréireacht; cuntasacht; meas; agus cothroime. Tá na luachanna sin mar bhonn agus thaca ag an gcur chuige a ghlacann an Rialálaí Carthanas i leith rialála nuair a thagann saincheistanna comhlíonta chun cinn, áit a n-oibríonn sé go dlúth le carthanais agus le daoine iomchuí chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais atá orthu ar bhonn deonach ar an gcéad ásc, nuair is féidir. Ní dhéanfimid breithniú ar na cumhachtaí reachtúla foirmiúla atá againn a úsáid ach amháin i gcás nach n-éireoidh leis an gcur chuige sin nó i gcás go mbeidh an tsaincheist lena mbaineann chomh tromchúiseach sin go mbeidh idirghabháil rialála shonrach ag teastáil. Mar thoradh air sin, is trí obair i gcomhar le hiontaobhaithe carthanas agus gan aon ghá le gníomhaíocht rialála fhoirmiúil a réitítear formhór na gcásanna a ndéileálaimid leo.

Sa bhliain 2022, fuair Aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú 642 ábhar imní ó dhaoine den phobal faoi charthanais chláráithe agus grúpaí neamhchláráithe eile agus dhún sé 566 ábhar imní. Tá an líon cásanna ar thionscain an Rialálaí Carthanas gníomhaíocht rialála fhoirmiúil ina leith sa bhliain 2022 réasúnta beag i gcomparáid leis an líon foriomlán fiosrúchán a rinne an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú mar chuid dá phróiseas ábhar imní. Léiríonn sé sin an cur chuige comhréireach a ghlacann an Rialálaí Carthanas agus é ag iarraidh saincheistanna comhlíonta a réiteach. Léiríonn sé freisin an tiomantas comhfhreagrach atá ag carthanais chláráithe chun na saincheistanna lena mbaineann a réiteach.

Cé gurbh údar misnigh dom gur tháinig méadú ar an aird a thug carthanais ar an gCód Rialachais do Charthanais sa bhliain 2022 bunaithe ar na dearbhuithe a rinne siad mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil, údar díomá dom ba ea nár chomhdaigh ach 59% de charthanais

chláráithe a dtuarascáil bhliantúil in am sa bhliain 2022. Tá foilsiú tuarascálacha bliantúla mar chuid d'iontráil an charthanais ar an gClár Carthanas ina mhodh tábhachtach chun trédhearcacht a thabhairt don phobal maidir le hairgeadas agus gníomhaíochtaí carthanas in Éirinn agus chun an chuntasacht riachtanach a thaispeáint do shíntiúsóirí, do mhaoinitheoirí, d'oibrithe deonacha, d'fhostaithe agus don phobal i gcoitinne. Cé gur chomhdaigh 73% de charthanais chláráithe a dtuarascáil bhliantúil faoi dheireadh na bliana 2022, mainníonn líon suntasach carthanas cláráithe an ceanglas rialála bunúsach sin a chomhlíonadh go fóill. Féadfar carthanais a mhainníonn a dtuarascáil bhliantúil a chomhdú in am a bhaint den Chlár Carthanas. Féadfar iad a ionchúiseamh freisin. Mar sin, d'iarrfainn ar gach iontaobhaí carthanais a chinntiú go léifidh siad tuarascáil bhliantúil a gcarthanais, go gcuirfidh siad a lámh léi agus go gcomhdófar in am í.



**Helen Martin**

**Príomhfheidhmeannach**

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Tarraingíodh 642 ábhar imní aonair anuas leis an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022, rud atá cothrom le méadú 13% ar na 568 n-ábhar imní aonair a fuarthas sa bhliain 2021. Is léiriú é sin ar an leibhéal méadaithe gníomhaíochta a sheol carthanais de réir mar a maolaíodh srianta Covid-19 le linn na bliana.

Tháinig méadú 11% ar an líon ábhar imní a tharraing eagraíochtaí anuas, agus é ag méadú ó 516 eagraíocht sa bhliain 2021 go 574 eagraíocht sa bhliain 2022.

Dúnadh 566 ábhar imní aonair san iomlán le linn na bliana 2022. Is ionann an líon sin agus méadú 4% ar an líon ábhar imní aonair a dúnadh sa bhliain 2021, ar lena linn a dúnadh 543 cinn.

Arís eile sa bhliain 2022, bhí ábhair imní faoi rialachas ar an gcineál is coitianta ábhair imní a fuarthas. Ba faoin gcatagóir sin a tháinig 36% de na hábhair imní uile a fuarthas, laghdú beag ó 37% sa bhliain 2021. Bhí ábhair imní faoi dhlisteanacht an charthanais freagrach as 35% de na hábhair imní uile a fuarthas sa bhliain 2022, gan athrú ón mbliain 2021. Ba iad ábhair imní faoi rialú carthanas an chatagóir eile a tarraingíodh anuas i líon suntasach cásanna. Bhí ábhair imní den sórt sin freagrach as 17% de na hábhair imní uile a fuarthas sa bhliain 2022, laghdú beag ó 19% sa bhliain 2021.

Agus iad ar an gcúis is coitianta leis na hábhair imní a tarraingíodh anuas faoi charthanais le blianta beaga anuas, léiríonn leitheadúlacht na saincheistanna rialachais a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh carthanais an Cód Rialachais do Charthanais chun feidhme. Tá an Cód deartha chun cabhrú le carthanais an dea-chleachtas a bhaint amach agus, trí chloí leis na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód, cabhrófar le carthanais fanacht glan ar shaincheistanna is cúis le hábhair imní a tharraingt anuas leis an Rialálaí Carthanas.

Fuair an Rialálaí Carthanas 16 thuairisc faoi [alt 59](#) den Acht Carthanas 2009 sa bhliain 2022. Ceanglaítear le halt 59 ar iontaobhaithe carthanais agus ar dhaoine iomchuí eile tuairisc a thabhairt i gcás go dtiocfaidh faisnéis ina seilbh arb í faoi deara dóibh a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, déanta nó á dhéanamh.

Le linn na bliana 2022, ceapadh imscrúdaitheoirí reachtúla chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na gcarthanas seo a leanas agus chun tuarascáil a ullmhú ina leith:

- Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20008734)
- Navan Mental Health Housing Association Limited (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20047023)

Foilsíodh tuarascáil imscrúdaithe reachtúil i ndáil leis an gcarthanas seo a leanas le linn na bliana 2022:

- Irish Wildbird Conservancy, atá ag trádáil mar Chairde Éanlaith Éireann (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20008963)

Tá an tuarascáil sin, agus gach tuarascáil imscrúdaithe reachtúil roimhe, ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#).

Leanann comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais le méadú, agus dhearbhaigh formhór na gcarthanas sa Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022 cé acu a bhí nó nach raibh an Cód á chomhlíonadh acu nó cé acu a bhí nó nach raibh siad ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán a bhaint amach. Léirítear dearbhuithe in iontráil gach carthanas ar an gClár Carthanas, de réir mar is cuí. Thapaigh cuid mhór carthanas an deis sin chun a chur in iúl do shíntiúsóirí agus don phobal i gcoitinne go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach acu.

## 2. Téarmaí Tagartha na Tuarascála maidir le Comhlíonadh

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas, nó an ‘Rialálaí Carthanas’ mar a thugtar air, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009.

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla ag an Rialálaí Carthanas, lena n-áirítear an Clár Carthanas a bhunú agus a chothabháil, a chinntiú go gcomhlíonfaidh carthanas na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu, imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí carthanas agus, nuair is cuí, treoir a eisiúint chuig carthanas agus chuig iontaobhaithe carthanas.

Eagraíochtaí neamhspleácha is ea carthanas. Is iad iontaobhaithe carthanas a reáchtálann iad. Imríonn siad ról ríthábhachtach inár sochaí agus gníomhaíonn siad chun leas an phobail ar bhealaí éagsúla do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tagann an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoi sháruithe líomhnaithe ar an Acht Carthanas 2009 (dá ngairtear “ábhair imní” sa tuarascáil seo) ar roinnt bealaí difriúla, mar shampla trí [fhoirm ábhar imní ar líne](#) an Rialálaí Carthanas, rud ar féidir le daoine den phobal é a chomhlánú, trí thuariscí sna meáin agus tríd an obair faireacháin nó an obair eile a dhéanann an Rialálaí Carthanas.

Mar chuid den fheidhm comhlíonta agus forfheidhmiúcháin atá aige, féadfaidh an Rialálaí Carthanas fiosrúchán a oscailt ar aon ábhar imní a bhaineann le carthanas cláraithe nó le haon eagraíocht eile chun a chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an Acht Carthanas 2009.

Is é cuspóir na Tuarascála seo maidir le Comhlíonadh faisnéis agus staitisticí a sholáthar i ndáil le gníomhaíocht na feidhme comhlíonta agus forfheidhmiúcháin laistigh den Rialálaí Carthanas. Ar an tslí sin, tabharfar tuiscint níos fearr do charthanas, d’oibríte deonacha agus don phobal i gcoitinne ar na saincheistanna a dtagann an Rialálaí Carthanas orthu le linn dó an fheidhm reachtúil atá aige maidir le comhlíonadh an Achta Carthanas 2009 a chinntiú a chur i gcrích.

# 3. An Cód Rialachais do Charthanais

Tá an pobal a thugann síntiúis do charthanais, maoinitheoirí carthanais, fostaithe carthanais agus úsáideoirí seirbhíse carthanais ag súil leis go gcinnteoidh iontaobhaithe carthanais go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm laistigh dá gcarthanas. De réir an dlí, tá freagracht aonair agus freagracht chomhpháirteach araon ar iontaobhaithe carthanais (i.e., aon duine atá ag fónamh ar Bhord nó ar Choiste de chuid carthanais) as a dtarlaíonn laistigh dá gcarthanas. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go mbaineann a gcarthanas a chuspóirí carthanúla amach le hionracas agus go mbainistítear é ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.

Leagtar amach sa Chód Rialachais do Charthanais na híoschaighdeáin ar cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go gcomhlíonann a gcarthanas iad ionas gur féidir leo a n-eagraíocht a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.

Bhí an bhliain 2021 ar an gcéad bhliain riamh ina ndearna carthanais a stádas i ndáil le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais a dhearbhu i dTuarascálacha Bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, agus lean siad ar aghaidh le déanamh amhlaidh sa bhliain 2022. Tá samhail 'comhlíonadh nó míniú' i bhfeidhm, áit a dtugtar deis do charthanais chláraithe a dheimhniú cé acu a chuir nó nár chuir siad na caighdeáin sa Chód chun feidhme agus cá mhéad a chuir siad na caighdeáin sin chun feidhme. Ba dhearfach, tríd is tríd, a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó charthanais a chuir an Cód Rialachais do Charthanais chun feidhme, agus roinnt díobh ag rá gurbh úsáideach an rud é creat rialachais a bheith acu lena gcabhraítear le hiad a threorú trí na réimsí agus na nithe atá le cumhdach de réir mar a fhéachann siad leis na dualgais atá orthu mar iontaobhaithe carthanais a chomhlíonadh.

I gcás go ndearbhóidh carthanas go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán aige, beidh an dearbhú sin le feiceáil in iontráil an charthanais ar an gClár poiblí Carthanas ón dáta a rinneadh an dearbhú. I gcás carthanais a dhearbhóidh go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go páirteach acu, féadfaidh siad a roghnú cé acu a bheidh nó nach mbeidh an dearbhú, agus an chúis nach bhfuil an Cód á chomhlíonadh go hiomlán acu, le feiceáil in iontráil an charthanais ar an gClár poiblí Carthanas. Féadfaidh carthanais a dhearbhu freisin nach bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh acu, agus cúiseanna a thabhairt leis an neamhchomhlíonadh sin, nó féadfaidh siad a thabhairt le fios nach mian leo a dhearbhu cé acu atá nó nach bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu. Níl na ráitis sin le feiceáil ar an gClár poiblí Carthanas faoi láthair.

**Tábla 1:** Dearbhuithe maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais a cuireadh isteach sa bhliain 2022

De réir na dTuarascálacha Bliantúla a Cuireadh Isteach	2021	2022
An céatadán de charthanais a dhearbhaigh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go hiomlán acu	69%	73%
An céatadán de charthanais a dhearbhaigh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go páirteach acu	15%	12%
An céatadán de charthanais nár thosaigh ar an gCód a chomhlíonadh go fóill	16%	7%
An céatadán de charthanais arbh fhearr leo gan an dearbhú maidir le comhlíonadh a chomhlánú	0%	8%
<b>Iomlán</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

Níor cuireadh an rogha gan an dearbhú maidir le comhlíonadh a chomhlánú leis an bhfoirm Tuarascála Bliantúla ach amháin i mí na Nollag 2021.

Trí chur ar chumas carthanas a dhearbhu cé acu a chuir nó nár chuir siad an Cód Rialachais do Charthanas chun feidhme agus a roghnú go bhfoilseofaí an fhaisnéis sin ar an gClár Carthanas, tugtar tuilleadh trédhearcachta don phobal. Is ar an gcúis sin a dhéanann an Rialálaí Carthanas dlúthfhaireachán ar na dearbhuithe a dhéanann carthanas chláraithe maidir leis an gCód agus Tuarascáil Bhliantúil á cur isteach acu.

Mar chuid dár n-obair faireacháin, is amhlaidh, mar ghnás, a iarrann an Rialálaí Carthanas cóip den Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh ó charthanas anois nuair a bhíonn fiosruithe á ndéanamh i ndáil le hábhair imní a fuarthas. Seiceáiltear an fhoirm sin in aghaidh an dearbhaithe a chuir an carthanas isteach trína Thuarascáil Bhliantúil ansin. Measann an Rialálaí Carthanas gur ní an-tromchúiseach é dearbhú a fháil ó charthanas cláraithe á rá gur chuir sé an Cód Rialachais do Charthanas chun feidhme go hiomlán i gcás nach bhfuil sé in ann an méid sin a thaispeáint. I gcás go bhfaighfear amach go ndearna carthanas cláraithe dearbhú mícheart nó dearbhú nach bhfuil sé in ann tacú leis trí thagairt a dhéanamh do mhiontuairiscí Boird agus d'fhianaise dhoiciméadach eile atá taifeadta i bhFoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh, ceanglófar ar an gcarthanas an dearbhú a leasú agus cuirfear é faoi réir tuilleadh grinnscrúdaithe rialála ag an Rialálaí Carthanas.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an dóigh a ndéantar faireachán ar chur chun feidhme an Chóid Rialachais do Charthanas. Déanann an Rialálaí Carthanas teagmháil anois le carthanas a dhearbhaigh nach bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu agus le carthanas arbh fhearr leo gan an dearbhú maidir le comhlíonadh a chomhlánú, agus é ag iarraidh na cúiseanna le neamhchomhlíonadh a shuí. Cuirfidh an obair sin bonn eolais faoi na hathruithe a dhéanfar ar na ceisteanna coitianta agus na treoirdhoiciméid a sholáthraítear ar ár suíomh Gréasáin.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar oibriú an Chóid Rialachais do Charthanas sa bhliain 2022 ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#).



## 4. Treoirdhoiciméid an Chóid Rialachais do Charthanais

Tar éis anailís a dhéanamh ar dhearbhuíthe maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais a fuarthas ó charthanais ina dTuarascálacha Bliantúla, agus bunaithe ar cheisteanna a cuireadh chuig ár seoladh ríomhphoist tiomnaithe don Chód Rialachais do Charthanais, [governancecode@charitiesregulator.ie](mailto:governancecode@charitiesregulator.ie), foilsíodh treoirdhoiciméad nua dar teideal [Teorainneacha Téarma Iontaobhaithe agus Pleanáil Chomharbais](#) le linn na bliana 2022.

Tá sé ríthábhachtach go gceapfadh carthanais iontaobhaithe carthanais nua ar bhonn tráthrialta chun dearcadh úr a chur leis an dóigh a mbíonn a chuspóir carthanúil á bhaint amach ag an gcarthanas, chun beocht úr a chur i ngníomhaíocht an charthanais, agus chun nósanna imeachta oibríochtúla laistigh den charthanas a cheistiú go dearfach.

Le linn na bliana 2022, dhéileáil an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le 622 cheist san iomlán a cuireadh chuig seoladh ríomhphoist an Chóid Rialachais do Charthanais. Is é is ceist ann ná iarraidh ghinearálta ar fhaisnéis nach dtarraingítear anuas inti aon ábhair inmí faoi aon charthanas.

## 5. Treoir Eile a Eisíodh

Le linn na bliana 2022, d'éisigh an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú treoirdhoiciméid eile chun aghaidh a thabhairt ar réimsí leasa.

Eisíodh na treoirdhoiciméid dar teideal [Bainistíocht Géarchéime do Charthanais](#) agus [Bainistíocht Géarchéime do Charthanais Bheaga](#) tar éis roinnt ceisteanna a fháil ó iontaobhaithe carthanais maidir le hoibriú carthanas.

Eisíodh [Forbhreathnú ar na Rialacháin atá Beartaithe maidir le Cuntasaíocht Airgeadais do Charthanais agus ar an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais](#) chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí sa chóras tuairiscithe airgeadais do charthanais. Sa doiciméad sin, tugtar forbhreathnú ar an gcreat cuntasaíochta atá beartaithe do charthanais chláráithe nach bhfuil aon eolas acu ar an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais agus tugtar tús eolais ardleibhéal ar an Ráiteas agus ar ghnéithe tábhachtacha eile de na rialacháin atá beartaithe.

Saincheist ar leith a tháinig chun cinn ar bhonn níos minice i measc carthanas le linn na bliana 2022 ba ea caiteachas míchuí ar chártaí creidmheasa. Eisíodh treoirdhoiciméad dar teideal [Rialuithe Cárta Creidmheasa do Charthanais](#) le linn na bliana chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Tá na doiciméid sin mar chuid den raon leathan treorach atá ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#).

## 6. Gníomhartha Reachtúla

Tá an líon gníomhartha reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022 leagtha amach i dTábla 2 thíos. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ar bhonn riaracháin mar fhiosrúcháin neamhreachtúla ar dtús a dhéileálann an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le formhór na n-ábhar imní a tharraingítear anuas leis an Rialálaí Carthanas. Más gá faisnéis a fháil ó charthanas nó ó eagraíocht eile ionas gur féidir ábhar imní a phróiseáil, is gnách go n-iarrfaidh an tAonad um Chomhlíonadh an fhaisnéis ar bhonn deonach ar an gcéad ásc. I bhformhór mór na gcásanna, is ar bhonn deonach a sholáthraítear an fhaisnéis a iarrann an Rialálaí Carthanas. Féadfar faisnéis a éileamh, áfach, trí iarraidh reachtúil a dhéanamh nuair is cuí. Mar shampla, i gcás go bhfaighfear ábhar imní de chineál tromchúiseach nó i gcás go ndiúltóidh iontaobhaithe carthanaís faisnéis a sholáthar ar bhonn deonach.

**Tábla 2:** Na Gníomhartha Reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022

Alt den Acht Carthanas 2009	2022	2021
Alt 28 - Faisnéis a nochtadh maidir le cionta	3	7
Alt 32 - Faisnéis a sholáthar do dhaoine iomchuí	23	12
Alt 53 - Ceanglas faisnéis a sholáthar	4	7
Alt 64 - Cigirí a cheapadh maidir le himscrúdú	2	2
Alt 68 - Ceanglas leabhair, doiciméid nó taifid eile a thabhairt ar aird	1	4
Alt 73 - Smachtbhannaí idirmheánacha a fhorchur	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>33</b>	<b>33</b>

Sa bhliain 2022, bhain na trí fhógra a tugadh faoi alt 28 den Acht Carthanas 2009 le cionta a thuairiscigh an Rialálaí Carthanas don Gharda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Nuair a thagann cásanna coiriúlachta ar aird an Rialálaí Carthanas, tuairiscítear don Gharda Síochána iad toisc gurb é an Garda Síochána an t-údarás inniúil chun nithe den sórt sin a imscrúdú agus chun ionchúisimh a thionscnamh ina leith, nuair is cuí.

I dteannta na ngníomhartha thuas, féadfaidh cigirí arna gceapadh ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 64 den Acht Carthanas 2009 gníomhartha reachtúla a dhéanamh freisin. Mar shampla, féadfaidh siad gníomhartha reachtúla a dhéanamh faoi alt 65, lena bpléitear leis an gceanglas leabhair, doiciméid agus taifid eile a thabhairt ar aird agus freastal os comhair cigire nó cúnamh a thabhairt do chigire. Ós rud é go gcuireann cigirí a gcuid feidhmeanna i gcrích go neamhspleách mar chuid dá n-imscrúduithe, níl na gníomhartha sin léirithe sna figiúirí a bhaineann leis na gníomhartha reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas.

Le linn na bliana 2022, ceapadh imscrúdaitheoirí reachtúla chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na gcarthanas seo a leanas agus chun tuarascáil a ullmhú ina leith:

- Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (Uimhir Charthanas Chláraithe: 20008734)
- Navan Mental Health Housing Association Limited (Uimhir Charthanas Chláraithe: 20047023)

Foilsíodh tuarascáil imscrúdaithe reachtúil i ndáil leis an gcarthanas seo a leanas le linn na bliana 2022:

- Irish Wildbird Conservancy, atá ag trádáil mar Chairde Éanlaith Éireann (Uimhir Charthanas Chláraithe: 20008963)

Tá an tuarascáil sin, agus gach tuarascáil roimhe, ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#).

Tar éis imscrúdú reachtúil a chur i gcrích, leanann an Rialálaí Carthanas le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht an charthanas lena mbaineann chun a chinntiú go ndéantar bearta chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheistanna a sainaitníodh.

## 7. Fógraí faoi alt 59 den Acht Carthanas 2009

Ceanglaítear le halt 59 den Acht Carthanas 2009 ar iontaobhaithe carthanas agus ar dhaoine iomchuí eile tuairisc a thabhairt don Rialálaí Carthanas i gcás go dtiocfaidh faisnéis ina seilbh arb í faoi deara dóibh a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, déanta nó á dhéanamh.

Tugadh 16 thuairisc don Rialálaí Carthanas de bhun alt 59 den Acht Carthanas 2009 le linn na bliana 2022 (2021: 15 thuairisc).

I ngach cás, déanann an Rialálaí Carthanas teagmháil leantach leis an gcarthanas lena mbaineann de bhun thuairisc alt 59 chun a chinntiú go ndearnadh bearta cuí chun cabhrú le haon chásanna eile calaoise nó gadaíochta a chosc.

# 8. Anailís ar Ábhair Imní sa bhliain 2022

## 8.1 Tús eolais ar an Anailís ar Ábhair Imní

Chun próiseáil ábhar imní a éascú agus chun a léiriú cén dóigh a dtarraingítear ábhair imní anuas leis an Rialálaí Carthanas, taifeadtar ábhair imní agus tuairiscítear orthu ar dhá bhealach:

### 1. De réir ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas

Déantar ábhair imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas a mheasúnú, a phróiseáil agus a thaifeadadh bunaithe ar na saincheistanna a tarraingíodh anuas san ábhar imní.

### 2. De réir na heagraíochta ar ina leith a tarraingíodh ábhar imní anuas

Déantar ábhair imní aonair a tarraingíodh anuas faoi eagraíocht a bhreithniú i gcomhthéacs aon ábhar imní eile a tarraingíodh anuas faoin eagraíocht chéanna.

### Foinsí ábhar imní

Tarraingítear ábhair imní anuas leis an Rialálaí Carthanas trí roinnt foinsí éagsúla, idir fhoinsí seachtracha agus fhoinsí inmheánacha. Áirítear leo na foinsí seo a leanas:

- daoine den phobal (lena n-áirítear iontaobhaithe carthanais, oibrithe deonacha agus fostaithe),
- comhlachtaí/rialálaithe eile rialtais, agus
- an faireachán réamhghníomhach a dhéanann an Rialálaí Carthanas.

Tá táscairí riosca ar cheann amháin de na huirlisí a úsáideann an Rialálaí Carthanas chun faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar charthanais. Sampla amháin de sin is ea cásanna inar lú ná triúr an líon iontaobhaithe atá liostaithe ag carthanas ar an gClár Carthanas. Mheasfaí gur riosca é sin, toisc nach bhfuil carthanas a bhfuil níos lú ná triúr iontaobhaithe aige ar aon dul le dea-rialachas agus toisc go méadaíonn sé sin an acmhainneacht atá ann go ndéanfadh duine aonair amháin na cinntí eile gan aon agóid ná aon fhormhaoirseacht dhóthanach ó iontaobhaithe carthanais eile.

### Roinnt saincheistanna in ábhar imní aonair

Is féidir go n-áireofar le hábhar imní roinnt saincheistanna a bhaineann le heagraíocht aonair. Ós rud é gur féidir go dtiocfaidh na saincheistanna difriúla a tarraingíodh anuas faoi chatagóirí difriúla, beidh an líon catagóirí saincheistanna a tarraingíodh anuas agus a thaifeadadh níos airde ná an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas.

Is é a d'fhéadfadh a bheith in ábhar imní aonair, mar shampla, ná saincheistanna a bhaineann le rialuithe airgeadais na heagraíochta agus saincheistanna a bhaineann le hiontaobhaí carthanais a cheapadh. I gcás den sórt sin, dhéanfaí an t-ábhar imní a thaifeadadh mar ábhar imní amháin agus dhéanfaí an dá shaincheist aonair a thaifeadadh faoi dhá chatagóir saincheistanna ar leith.


## Ábhair imní faoi roinnt eagraíochtaí

D'fhéadfadh duine den phobal saincheisteanna a tharraingt anuas faoi roinnt eagraíochtaí difriúla i bpíosa comhfhreagrais aonair. I gcás den sórt sin, dhéanfaí an píosa comhfhreagrais aonair a thaifeadh mar ábhar imní a tarraingíodh anuas faoi gach ceann de na heagraíochtaí dá dtagraítear sa chomhfhreagrais.

## 8.2 Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas


Sa bhliain 2022, tarraingíodh 642 ábhar imní aonair anuas leis an Rialálaí Carthanas i ndáil le 574 eagraíocht. Is ionann an líon ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas agus méadú 13% ar an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2021, ar lena linn a fuarthas 568 gcinn. Tháinig méadú 38% ar an líon ábhar imní a tharraing eagraíochtaí anuas, ó 416 cinn sa bhliain 2021 go 574 cinn sa bhliain 2022. Is léiriú é sin ar an leibhéal méadaithe gníomhaíochta a sheol carthanais de réir mar a cuireadh deireadh le srianta Covid-19 le linn na bliana.

**Fíor 1:** Ábhair imní a tarraingíodh anuas ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2022



Ba é 54 cinn an meánlíon ábhar imní a tarraingíodh anuas in aghaidh na míosa sa bhliain 2022 agus ba é 61 cheann an líon is airde ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas in aon mhí ar leith. Fuarthas an líon ábhar imní sin i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna araon.

**Fíor 2:** An líon ábhar imní a tarraingíodh anuas gach mí sa bhliain 2022



## 8.3 Catagóirí na Saincheisteanna a Tarraingíodh Anuas

Tá cineál éagsúil na saincheisteanna a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas mar fhianaise ar an raon leathan eagraíochtaí, cuspóirí carthanúla agus tairbhíthe atá ann laistigh den earnáil carthanas in Éirinn. Is féidir roinnt catagóirí leathana a shainaithint sna hábhair imní a tarraingíodh anuas, áfach.

Maidir leis na hábhair imní a fuair an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022, tarraingíodh saincheisteanna a bhain leis na catagóirí comhcheangailte ‘Dlisteanacht an Charthanas’, ‘Saincheisteanna Rialachais’ agus ‘Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht’ anuas i thart ar 88% díobh.

Bhí an chatagóir ‘Saincheisteanna Rialachais’ amháin freagrach as 36% de na hábhair imní uile a fuarthas. Tá an leibhéal sin seasta le cúpla bliain anuas, agus tá sé sin ina léiriú ar an tábhacht a leagann geallsealbhóirí carthanas agus an pobal araon ar rialachas maidir le hoibriú carthanas. Tá sé ina léiriú freisin ar a riachtanaí atá sé go gcloífeadh iontaobhaithe carthanas leis na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanas.

**Tábla 3:** Miondealú ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2022 agus comparáid eatarthu – Catagóir na saincheisteanna a tarraingíodh anuas


Catagóir	An Líon Ábhar Imní 2021	% 2021	An Líon Ábhar Imní 2022	% 2022	2021 - 2022 % Comparáid
Saincheisteanna Rialachais	209	37%	232	36%	-1%
Dlisteanacht an Charthanas	196	35%	226	35%	0%
Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht	107	19%	106	17%	-2%
Ábhair Imní Mhíthreoraithe - saincheisteanna a bhí lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanas	28	5%	43	7%	+2%
Dochar do Thairbhíthe	14	2%	13	2%	0%
Tairbhe Phríobháideach	13	2%	13	2%	0%
Dul i mbun Feachtas Polaitíochta Míchuí	1	0%	9	1%	+1%

## 8.4 Stádas na hEagraíochta

I dteannta an róil atá aige maidir le carthanais chláráithe, imríonn an Rialálaí Carthanas ról maidir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí eile forálacha áirithe den Acht Carthanas 2009 freisin. Cé gur le heagraíochtaí carthanúla cláráithe a bhain formhór na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas, léirítear i bhFíor 3 thíos go mbaineann sciar suntasach de na hábhair imní go fóill le heagraíochtaí nach carthanais chláráithe iad.

De na 642 ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas sa bhliain 2022, bhain 456 cinn (71%) le 408 gcarthanas chláráithe agus bhain 186 cinn (29%) le 166 eagraíocht eile. Is athrú beag é sin ar na figiúirí don bhliain 2021, tráth a bhain 67% de na hábhair imní a tarraingíodh anuas le carthanais chláráithe agus a bhain 33% díobh le heagraíochtaí eile. Sa bhliain 2022, bhí na 408 gcarthanas chláráithe a bhfuarthas ábhair imní ina leith freagrach as thart ar 3.5% de na carthanais chláráithe uile.

**Fíor 3:** Ábhair Imní Aonair a Tarraingíodh Anuas sa bhliain 2022 - Carthanais Chláráithe/ Eagraíochtaí Eile



Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha ábhar imní a tarraingíodh anuas faoi eagraíochtaí nach carthanais chláráithe iad, mar atá i bhFíor 3 thuas:

- ábhair imní faoi eagraíochtaí nach carthanais iad de réir bhrí Acht 2009 agus nach bhfuil aon ról ag an Rialálaí Carthanas ina leith, mar shampla cruinnitheoirí airgid a ghníomhaíonn chun tairbhe do dhuine aonair amháin agus nach gcomhlíonann an ceanglas go mbeadh tairbhe phoiblí ann nó cruinniú airgid ag eagraíocht nach bhfuil cuspóir carthanúil de réir bhrí an Achta Carthanas 2009 á chur ar aghaidh aige; agus
- ábhair imní faoi eagraíochtaí nach carthanais chláráithe iad agus nach bhfuil aon ról ag an Rialálaí Carthanas ina leith, mar shampla eagraíochtaí carthanúla a sheolann gníomhaíochtaí sa Stát gan a bheith cláráithe agus eagraíochtaí a airbheartaíonn gur eagraíochtaí carthanúla iad. Maidir leis an gcatagóir sin, baineann cuid mhór d'obair an Aonaid um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú lena chinntiú go dtabharfar eintitis neamhchláráithe den sórt sin i gcomhréir le hAcht 2009. Mar chuid den obair sin, is féidir go mbeidh ar an eagraíocht lena mbaineann scor de ghníomhaíochtaí ar leith a dhéanamh nó iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas ar a cuimsiú sa Chlár Carthanas, nuair is cuí.



## 8.5 Caidreamh idir an Duine a Tharraing an tÁbhar Imní Anuas agus an Eagraíocht

Le linn dó/di ábhar imní a tharraingt anuas trí [fhoirm ábhar imní ar líne](#) an Rialálaí Carthanas a úsáid, iarrtar ar dhuine a shonrú cén cineál caidrimh atá aige/aici leis an eagraíocht a bhfuil an t-ábhar imní á thabhairt anuas fúithi. Ina theannta sin, i gcás aon ábhar imní a gheofar trí mhodhanna eile seachas an fhoirm ábhar imní – mar shampla le casadh an phoist, tríd an ríomhphost, agus araile – déanfaidh baill foirne an Aonaid um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú an caidreamh idir an duine agus an carthanas a thaifeadadh bunaithe ar an bhfaisnéis a thabharfaidh sé/sí, nuair is féidir déanamh amhlaidh. Bíonn an fhaisnéis sin úsáideach don aonad maidir le teagmháil leantach a dhéanamh leis an duine a tharraing an t-ábhar imní anuas (i gcás gur chinn sé/sí ainm a thabhairt) toisc gur féidir léi a bheith ina léiriú ar an gcineál faisnéise ar a bhfuil an t-ábhar imní bunaithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh iontaobhaí carthanasais in ann fianaise dhoiciméadach a thabhairt chun tacú le hábhair imní a tharraingítear anuas. Ní bheadh an fhaisnéis sin ar fáil do thairbhí ná do dhuine den phobal.

I gcás na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas sna blianta 2021 agus 2022 araon, thug formhór na ndaoine a tharraing ábhair imní anuas le fios nach raibh aon chaidreamh acu leis an gcarthanas ab ábhar don ábhar imní.


**Tábla 4:** Miondealú ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2022 – An caidreamh idir an duine a tharraing an t-ábhar imní anuas agus an Eagraíocht

Caidreamh leis an Eagraíocht	Líon 2022	% 2022	Líon 2021	% 2021
Ceann ar bith	206	32%	189	33%
Baill foirne inmheánacha de chuid an Rialálaí Carthanas	154	24%	70	22%
Caidreamh neamhshonraithe	74	12%	70	12%
Fostaí/larfhostaí	38	6%	45	8%
Eile	32	5%	40	7%
Stiúrthóir/iontaobhaí nó lar-Stiúrthóir/lar-iontaobhaí	36	6%	27	5%
Síntiúsóir/Tacadóir	29	5%	25	4%
Oibrí deonach/lar-oibrí deonach	21	3%	18	3%
Tairbhí/Úsáideoir seirbhíse	24	4%	17	3%
Comhalta	28	4%	10	2%
<b>Iomlán</b>	<b>642</b>	<b>100%</b>	<b>568</b>	<b>100%</b>

## 8.6 Ábhair imní a dúnadh

Dúnadh 566 ábhar imní aonair san iomlán le linn na bliana 2022. Is ionann an líon sin agus méadú 4% ar an líon foriomlán ábhar imní aonair a dúnadh sa bhliain 2021, ar lena linn a dúnadh 543 cinn.

Fíor 4: Ábhair imní a dúnadh sa bhliain 2022



Mar gheall ar an raon leathan saincheistanna is féidir a tharraingt anuas leis an Rialálaí Carthanas faoi eagraíocht, is féidir ábhair imní a dhúnadh ar roinnt cúiseanna éagsúla.

**Tábla 5:** Miondealú ar na cúiseanna ar dúnadh ábhair imní sa bhliain 2022

Cúis leis an Ábhar Imní a Dhúnadh	Líon 2022	% 2022	Líon 2021	% 2021
Ní féidir an cás a chur ar aghaidh – féach thíos	132	23%	100	18%
Níor chosúil, tar éis measúnú a dhéanamh, go ndearnadh aon sárú ar an Acht nó ar an deachleachtas	102	18%	126	23%
Is deimhin leis an mbainisteoir cásanna gur féidir an t-ábhar imní a dhúnadh, bunaithe ar na dearbhuithe a thug an t-eintiteas	109	19%	146	27%
Tá na saincheisteanna lena mbaineann lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanas	61	11%	41	8%
Tá an eagraíocht neamhchláraithe ag gabháil don phróiseas clárúcháin	12	2%	26	5%
Thug an t-eintiteas aghaidh ar na saincheisteanna lena mbaineann cheana féin/ tá an t-eintiteas ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna lena mbaineann	36	6%	22	4%
Chomhlíon an t-eintiteas na gníomhartha ar iarr an bainisteoir cásanna iad	74	13%	54	10%
Tá an tAcht Carthanas 2009 á chomhlíonadh ag an eintiteas anois	17	3%	8	1%
Eisíodh comhairle/treoir ábhartha chuig an eintiteas	23	4%	20	4%
<b>Iomlán</b>	<b>566</b>		<b>543</b>	

Is iad na príomhchúiseanna nach féidir cásanna a chur ar aghaidh ná nár sholáthair an duine a tharraing an t-ábhar imní anuas go leor faisnéise maidir leis an ábhar imní agus nár sholáthair sé/sí aon sonraí teagmhála nó nach bhfuil faisnéis dhóthanach ar fáil chun na daoine nó na heagraíochtaí lena mbaineann a shainaithint. Tarlaíonn sé sin go minic i ndáil le bailiúcháin éadaigh is ábhar d'ábhair imní ón bpobal, i gcás nach bhfuil aon mhodh ar fáil don Rialálaí Carthanas chun teagmháil a dhéanamh le heagraithe na mbailiúcháin. Tá fógra poiblí do dheontóirí maidir le bailiúcháin lipéid éadaigh agus bailiúcháin bhainc éadaigh ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Bhí 416 ábhar imní faoi 314 eagraíocht ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2022, suas ó na 340 ábhar imní faoi 227 n-eagraíocht a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2021. Is léiriú é sin ar an méadú i ngníomhaíocht i measc carthanas de réir mar a cuireadh deireadh le srianta Covid-19 le linn na bliana. Is léiriú é freisin ar na srianta acmhainne a bhí ann laistigh den Rialálaí Carthanas le linn na bliana 2022.

**Tábla 6:** An líon ábhar imní a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig

Tréimhse	Ábhair imní aonair	Ábhair imní ó eagraíochtaí
Amhail an 31 Nollaig 2021	340	227
Amhail an 31 Nollaig 2022	416	314
Méadú/(Laghdú)	+76	+87
Athrú Céatadánach	+22%	+38%

## 8.7 Cruinnithe le heagraíochtaí

Thionóil an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus cruinnithe fíorúla le roinnt eagraíochtaí maidir le nithe comhlíonta le linn na bliana 2022.

Táthar ag súil leis go bhfreastalóidh iontaobhaithe carthanais ar chruinnithe den sórt sin toisc go bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu faoin Acht Carthanas 2009 as na gníomhartha agus na cinntí uile a dhéanann an carthanas, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil foireann feidhmiúcháin ag an gcarthanas. Tionóladh cruinnithe freisin le heagraíochtaí ionadaíocha agus le heagraíochtaí eile a oibríonn go dlúth le carthanais chláráithe, amhail an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim agus ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais, chun réimsí leasa fhrithpháirtigh a phlé.

## 8.8 Ceisteanna ginearálta

Ar bhonn leanúnach, déileálfaidh ár nAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le teagmhálacha a thagann ón bpobal agus ó eagraíochtaí agus nach ionann iad agus ábhar imní faoi neamhchomhlíonadh féideartha na nAchtanna Carthanas. Dhéileáil an tAonad le 188 gceist den sórt sin sa bhliain 2022.

Ina lán cásanna, cabhróidh an corp méadaitheach treoir dhoiciméad foilsithe uainn le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a gheofar. I gcásanna eile, déanfaimid anailís ar an tsaincheist a tarraingíodh anuas agus tabharfaimid treoir nuair is cuí.

# 9. Conclúid

## 9.1 Cad a léiríonn ár ngníomhaíochtaí?

Le linn na bliana 2022, lean an Rialálaí Carthanas le tacaíocht a thabhairt don earnáil trí thuilleadh ábhar treorach a fhoilsiú agus trí láithreoireachtaí agus seimineáir Ghréasáin a sholáthar do charthanas agus do gheallsealbhóirí eile, comhlachtaí gairmiúla ina measc.

Bíonn ag méadú go fóill ar an leibhéal teagmhála a dhéanann carthanas agus daoine den phobal ar nithe comhlíonta, mar atá le feiceáil sa líon ceisteanna ginearálta agus sa líon ábhar imní a fuair Aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú sa bhliain 2022.

Ní le carthanas, mar atá sainmhínithe san Acht Carthanas 2009, a bhain na hábhair imní uile a fuair an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022. De na 574 eagraíocht a bhí ina n-ábhar d'ábhair imní, bhí 408 gcinn ina gcarthanas cláraithe, cothrom le thart ar 3.5% de na carthanas chláraithe uile.

Is féidir fianaise ar an gcur chuige comhréireach a ghlacann an Rialálaí Carthanas i leith comhlíonta agus forfheidhmiúcháin a fheiceáil sa líon réasúnta beag cásanna ar thionscain an Rialálaí Carthanas gníomhaíocht rialála fhoirmiúil ina leith sa bhliain 2022, i gcomparáid leis an líon foriomlán fiosrúchán a rinne an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú mar chuid dá phróiseas ábhar imní an bhliain seo caite. Léiríonn sé sin freisin an toilteanas leantach atá ag carthanas chláraithe obair i gcomhar leis an Rialálaí Carthanas chun saincheisteanna comhlíonta a réiteach nuair a thagann siad chun cinn.

## 9.2 Comhairle do Charthanas agus Comhlíonadh an Achta Carthanas 2009

Molann an Rialálaí Carthanas go gcuirfeadh gach iontaobhaí carthanas eolas ar na treoidhoiciméid uainn, go háirithe an Treoir d'Iontaobhaithe Carthanas agus na Treoirínte do Charthanas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

Tá sé ríthábhachtach freisin go gcinnteodh gach iontaobhaí carthanas go bhfuil socruithe rialachais cuí i bhfeidhm sa charthanas a bhfuil siad freagrach as, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Rialachais do Charthanas. Tá treoir phraiticiúil ar fáil trí Thacar Uirlisí agus Ceisteanna Coitianta an Chóid Rialachais do Charthanas, ina bhfuil ábhair threorach agus teimpléid. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise agus treorach trí na físeáin d'oiliúint agus de láithreoireachtaí foirne atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, lena n-áirítear láithreoireachtaí ar an gCód Rialachais do Charthanas agus ar obair Aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú.

Bunaithe ar ár gcuidreamh díreach le carthanas chláraithe sa bhliain 2022, tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh iontaobhaithe carthanas go bhfuil siad freagrach as na cinntí agus na gníomhartha uile a dhéanann an carthanas. Ní mór d'iontaobhaithe carthanas formhaoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar obair aon Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, aon ardbhainisteora nó aon duine eile a fhostaíonn a gcarthanas agus ar obair aon oibrí dheonaigh a oibríonn thar ceann an charthanas nó a dhéanann ionadaíocht dó. Ní mór dóibh a chinntiú freisin go bhfuil nósanna imeachta láidre i bhfeidhm acu maidir le baill foirne agus oibríthe deonacha. Chun an aidhm sin a bhaint amach, is gá don bhord iontaobhaithe carthanas teacht le chéile go

tráthrialta chun faisnéis airgeadais agus oibríochtúil a athbhreithniú, chun cinntí a dhéanamh maidir leis an gcarthanas agus chun treo straitéiseach foriomlán an charthanais a bhainistiú. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais bheith aireach ar chuspóir carthanúil a gcarthanais agus a chinntiú nach rachaidh díriú an charthanais ó léargas orthu le himeacht ama.

## 9.3 Comhairle do Mhaoinitheoirí, Síntiúsóirí agus Oibrithe Deonacha Féideartha

I gcás go bhfuil duine ag smaoineamh faoi shíntiús a thabhairt d'eagraíocht atá ag airbheartú gur carthanas í nó faoi obair dheonach a dhéanamh le heagraíocht den sórt sin, molann an Rialálaí Carthanas don duine sin an Clár Carthanas a sheiceáil ar ár suíomh Gréasáin chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht cláraithe.

Ina theannta sin, ba cheart do mhaoinitheoirí, síntiúsóirí agus oibrithe deonacha féideartha iarracht a dhéanamh iad féin a chur ar an eolas go hiomlán faoin eagraíocht agus faoina cuid gníomhaíochtaí agus a chinntiú gur deimhin leo go bhfuil struchtúir chúí, beartais chúí agus nósanna imeachta cúí i bhfeidhm ag an eagraíocht chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as an síntiús uathu, cibé acu is am nó airgead é an síntiús sin.

Is gá gur phróiseas dlíthiúil láidir a bheadh sa phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú mar charthanas. Is féidir go mairfidh an próiseas roinnt míonna, ag brath ar chastacht an iarratais agus ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir. Ní ionann iarratas ar chlárú mar charthanas agus clárú. Beidh aon ghrúpa nó aon eagraíocht a sheolann gníomhaíochtaí carthanúla gan a bheith cláraithe ar dtús ciontach i gcion. Níor cheart d'eagraíocht neamhchláraithe airgead ná síntiúis a lorg ón bpobal ná glacadh leo.

# 10. Tagairtí

[An Clár Poiblí Carthanas](#)

[An tAcht Carthanas 2009](#)

[Treoir d'Iontaobhaithe Carthanas](#)

[Treoir maidir le Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú](#)

[Treoirlínte do Charthanas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais](#)

[Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal](#)

[Cad is Carthanas ann?](#)

[An Beartas maidir le hÁbhair Imní](#)

[Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanas agus Treoirnótaí agus Teimpléid](#)

[Treoir maidir le Cúiseanna Polaitíochta a bheith á gCur Chun Cinn ag Carthanas](#)

[Treoir maidir le Carthanas a Fhoirceannadh](#)

[Fógra Poiblí maidir le Bailiúcháin Éadaigh](#)

[Treoirnóta do Charthanas Chláraithe maidir le Cruinniú Airgid trí Bhailiúcháin Lipéid Éadaigh agus trí Bhailiúcháin Bhainc Éadaigh](#)

[Treoirnóta maidir le pleanáil chomharbais](#)



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Tuarascáil maidir le Comhlíonadh 2022 - Rev 000

An Rialálaí Carthanas  
3 Duga Sheoirse  
LSAI Baile Átha Cliath 1  
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

[www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

© An Rialálaí Carthanas 2023